Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Samhain 2019
(OR. en)

13691/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0114(COD)**

CODEC 1565
DRS 57
IA 197

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann (**an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Eastóin**

Is díol sásaimh don Eastóin aidhm na treorach maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann timpeallacht dlí agus riaracháin a sholáthar, atá fabhrach don fhás agus oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le domhan domhandaithe digiteach araon, agus cosaint fostaithe, creidiúnaithe agus scairshealbhóirí mionlaigh á háirithiú ag an am céanna. Aithníonn an Eastóin an tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint as creat dlíthiúil den sórt sin. Deis uathúil a bhí ann an creat dlíthiúil, a bhfuil géarghá leis, a chruthú chun lántairbhe a bhaint as an margadh aonair agus chun poist, fás agus infheistíocht a spreagadh.

Is oth leis an Eastóin, áfach, nár baineadh amach na haidhmeanna thuasluaite ina n-iomláine mar thoradh ar an gcaibidlíocht idirinstitiúideach. Is cúis mhór imní dúinn i gcónaí go bhfuil oibleagáidí doiléire agus anásta sa treoir sin, nach gceadaítear leo lántairbhe a bhaint as an margadh aonair agus a d'fhéadfadh cuideachtaí a dhíspreagadh fiú, go háirithe FBManna. Thairis sin, ní chuirtear san áireamh sna rialacha a leagtar síos sa treoir an tírdhreach gnó atá ag forbairt go tapa ná an geilleagar digiteach. Sa chomhthéacs sin, is oth leis an Eastóin go háirithe nach gcaitear ar bhonn cothrom le cuideachtaí arna mbunú faoi theoiricí dlíthiúla éagsúla d'ainneoin go bhfuil siad dlisteanach agus go bhfuil stádas comhionann acu faoi Airteagal 54 CFAE agus cásdlí socraithe (cásanna Polbud, C-106/06, míreanna 34 agus 62, National Grid Indus, C-371/10, míreanna 26-27, Daily Mail, C-81/87, mír 21). Agus an méid sin á chur san áireamh, níl sé intuigthe cén fáth ar cheart córas amháin a chur faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid leis an gceann eile. Trí thalamh slán a dhéanamh de, nuair a ghlactar leis nach bhfuil mí-úsáid nó iompar calaoiseach i gceist le cuideachtaí, a bhfuil a ngníomhaíocht éifeachtach bainistíochta agus eacnamaíoch i mBallstát an chláraithe, táimid, go bunúsach, ag déanamh talamh slán de gur cuideachtaí calaoiseacha nó "cuideachtaí caocha" iad cuideachtaí digiteacha comhaimseartha agus domhanda. Dreasacht is ea é sin do chuideachtaí forásacha iad féin a chlárú lasmuigh den mhargadh aonair, i dtíortha ina bhfuil timpeallacht dlí níos nua-aimseartha agus níos solúbtha. Dá bhrí sin, tá imní orainn go mbeidh ar chuideachtaí roghanna malartacha a lorg mar thoradh ar rialacha casta den sórt sin, agus go dtiocfaidh iarmhairtí neamh-intuartha as d'fhostaithe, do chreidiúnaithe agus do scairshealbhóirí mionlaigh.

Ina theannta sin, tá an treoir maidir le cumaisc thrasteorann ag feidhmiú go maith go hiarbhír le breis agus deich mbliana anuas. Dá bhrí sin, níl sé soiléir fós cén fáth nár glacadh na rialacha maidir le cumaisc thrasteorann mar bhonn le haghaidh comhshónna agus deighiltí trasteorann ar an gcéad dul síos. Ina theannta sin, is cúis imní é gur athraíodh, thar a bhfuil riachtanach, na rialacha atá ann cheana maidir le cumaisc thrasteorann chun réiteach a fháil ar an líon beag fadhbanna praiticiúla a braitheadh. Tríd an iomarca athruithe a dhéanamh, tá an baol ann go mbeidh na rialacha dea-fheidhmiúla atá ann cheana maidir le cumaisc thrasteorann gan éifeacht, liopasta agus nach mbeidh siad chomh tarraingteach céanna.